2024/2043

30.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2043 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Iúil 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/690 a mhéid a bhaineann leis na galair liostaithe a bhféadfar stádas saor ó ghalair do dheighleoga a bhunú ina leith

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ([1]) ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe'), agus go háirithe Airteagal 37(4), pointe (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429 bunaítear, *inter alia*, liosta comhchuibhithe de ghalair in-tarchurtha ainmhithe (galair liostaithe), agus rialacha sonracha ó thaobh galair de chun na galair liostaithe sin a chosc agus a rialú.

(2) Le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos rialacha coiscthe agus rialaithe galar atá le cur i bhfeidhm maidir le catagóirí éagsúla galar liostaithe, lena n-áirítear rialacha maidir le roinnt i ndeighleoga.

(3) Le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2016/429, tugtar an ceart do na Ballstáit iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar aitheantas ar stádas saor ó ghalair do dheighleoga i ndáil le galair liostaithe áirithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), den Rialachán sin.

(4) Tá an cur chuige maidir le roinnt i ndeighleoga dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/429 i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, agus go háirithe Caibidlí 4.4. agus 4.5. den Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún ([2]) a bhaineann le criosú agus roinnt i ndeighleoga, agus le cur i bhfeidhm na roinnte i ndeighleoga, faoi seach, Caibidlí atá ceaptha lena n-úsáid ag Comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe mar bhonn dá rialacháin maidir le galair ainmhithe a chosc agus a rialú.

(5) Leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/690 ón gCoimisiún ([3]) na galair liostaithe a bhféadfar stádas saor ó ghalair do dheighleoga a bhunú ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2016/429.

(6) I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([4]) sainmhínítear 'galar chatagóir A' mar ghalar liostaithe nach ann dó san Aontas de ghnáth agus nach mór bearta díothaithe láithreacha a dhéanamh ina leith a luaithe a bhraitear é, dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2016/429, agus liostaítear an fliú éanúil ardphataigineach agus ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle mar ghalair chatagóir A san Iarscríbhinn a ghabhann leis.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/ELI/reg/2016/429/oj.
([2]) https://www.woah.org/en/what-we-do/standards/codes-and-manuals/terrestrial-code-online-access/
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/690 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na galair liostaithe faoi réir cláir faireachais de chuid an Aontais, raon feidhme geografach na gclár sin agus na galair liostaithe a bhféadfar stádas saor ó ghalair do dheighleoga a bhunú ina leith (IO L 174, 3.6.2020, lch. 341, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/690/oj).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm i leith catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/2024-02-01).

(7) Cé go ndéantar foráil in Airteagal 37(1) de Rialachán (AE) 2016/429 maidir leis an bhféidearthacht atá ag Ballstát iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar aitheantas ar stádas saor ó ghalair do dheighleoga i ndáil le galair liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (a), de, ní áirítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/690 galair chatagóir A in ainmhithe talún.

(8) Mar gheall ar an staid eipidéimeolaíoch atá ag athrú ar fud an domhain maidir leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus víreas galar Newcastle, ba cheart an fhéidearthacht go ndéanfaí roinnt i ndeighleoga a bheith san áireamh sna rialacha maidir leis an dá ghalar liostaithe sin a chosc agus a rialú san Aontas.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart an dá ghalar liostaithe sin a chur le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/690.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/690 a leasú dá réir.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/690 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na rónna seo a leanas sa tábla in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/690:

‘Fliú éanúil ardphataigineach
Ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle’.